Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Samhain 2019
(OR. en)

13521/19

EDUC 431
SOC 709
EMPL 539

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13282/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis "an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí maidir leis "an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe", arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3724ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Samhain 2019. Cuirfear na conclúidí ar aghaidh lena bhfoilsiú san Iris Oifigiúil.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitíochta a bhaineann leis an tsaincheist thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo,

AITHNÍONN SÍ

1. a bhfuil sa chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[1]: tá cách i dteideal oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach d'fhonn scileanna a choinneáil agus a fháil a chuirfidh ar chumas an duine sin a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus oiriúnú mar is cuí don mhargadh saothair;
2. go gcumhdaítear leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil an t-oideachas agus an cúram ón luath-óige go dtí an tréimhse iarscoir, lena n-áirítear speictream iomlán na foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, d'fhonn eolas, scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú ó dhearcadh pearsanta, sibhialta, sóisialta agus ó thaobh na fostaíochta de. Meastar leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil gur ábhar foghlama gach duine aonair agus leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil cuirtear ar chumas gach duine an t-eolas iomchuí a fháil chun páirt a ghlacadh mar shaoránach gníomhach i sochaí an eolais agus i margadh an tsaothair, rud a éascaíonn saorghluaiseacht do shaoránaigh na hEorpa;
3. gurb é a bheidh ag teastáil, mar gheall ar na dúshláin shochaíocha agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, cur chuige lena mbunófar caidreamh le foghlaimeoirí, leis an tsochaí agus le fostóirí, agus lena spreagfar agus lena gcumhachtófar iad le bheith níos réamhghníomhaí agus níos straitéisí agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil á cur ar fáil go fírinneach do chách, agus a thábhachtaí atá sé comhordú córasach tiomanta a dhéanamh i measc na n-earnálacha beartais ábhartha ionas go mbeidh rath ar chur chun feidhme beartas foghlama ar feadh an tsaoil, agus a ríthábhachtaí atá ról na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i rath na mbeartas sin;

[1] 13129/17.

4. a thábhachtaí atá sé comhdheiseanna a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil do chách agus rochtain uirthi, do chách gan beann ar chúlra, trí eolas, scileanna agus inniúlachtaí a bhí acu roimh ré a aithint agus a fhorbairt, agus, ar an gcaoi sin, aistrithe leanúnacha, iomadúil agus aistrithe gan uaim idir leibhéil agus cineálacha oideachais agus oiliúna a fheabhsú;

5. an príomhról atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil sa chomhar Eorpach maidir le hoideachas agus oiliúint agus sa chlár Erasmus +, agus a thábhachtaí atá siad do na beartais náisiúnta oideachais agus oiliúna, fostaíochta agus shóisialta, agus don rannpháirtíocht dhaonlathach freisin;

6. an ról atá ag an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil maidir le daoine aonair, sochaithe agus an saol oibre a chumhachtú agus a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas, agus rannchuidiú leis an gcuimsiú sóisialta san am céanna;

IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT AR AN MÉID SEO A LEANAS

7. tiomantas an Aontais agus na mBallstát do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus do spriocanna forbartha inbhuanaithe an chláir sin;

8. Clár Oibre Straitéiseach Nua 2019-2024[2], lena leagtar amach mar thosaíochtaí straitéiseacha bonn eacnamaíoch láidir bríomhar a fhorbairt agus Eoraip aeráidneodrach, ghlas, chóir agus shóisialta a thógáil, agus lena leagtar béim ar bheartais an chlaochlaithe dhigitigh ina bhfolaítear ár luachanna sochaíocha agus trína gcuirtear an chuimsitheacht chun cinn; agus aithníonn sí gur gá dlús a chur leis an infheistíocht i scileanna agus in oideachas na ndaoine agus,an bonn le haghaidh fás inbhuanaithe agus fás cuimsitheach fadtéarmach a áirithiú san am céanna; an gá le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabal na coimhdeachta, agus í á tabhairt dá haire , san am céanna, gur gá an-aird a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta, ar rioscaí agus ar an eisiamh a eascraíonn as neamhionannais agus as deighiltí oideachasúla;

9. an coincheap nua 'geilleagar na dea-bhaile', darb aidhm daoine agus dea-bhail na ndaoine sin a chur ag croílár an cheaptha beartas agus na cinnteoireachta;

---

[2] EUCO 9/19.

MEABHRAÍTEAR DI an méid a leanas:

10. go ndúirt an Chomhairle, ina conclúidí maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais, gur cheart bunchloch a dhéanamh de leanúntas na foghlama ar feadh an tsaoil, ó oideachas agus cúram na luath-óige, ar feadh na scolaíochta, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, go dtí an t-ardoideachas agus an t-oideachas aosach, lena n-áirítear foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus gur cheart an Limistéar Eorpach Oideachais a thógáil ar an mbunchloch sin;

MEASANN SÍ

11. go bhfuil cruth úr á chur ag an gclaochlú leanúnach teicneolaíoch agus digiteach ar chúrsaí eacnamaíocha, ar shaol na hoibre agus ar an rannpháirtíocht shibhialta agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé tionchar suntasach a bheith aige ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an gcomhionannas;

12. go mbeidh beartais oideachais agus oiliúna na hEorpa ríthábhachtach chun dea-bhail na ndaoine agus fás inbhuanaithe a áirithiú san Eoraip de thairbhe gur i gcruth na mbeartas sin a dhéanfar na beartais Eorpacha maidir leis an gclaochlú digiteach. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh in eolas nua, scileanna nua agus inniúlachtaí nua chun iomaíochas agus táirgiúlacht na hEorpa a fheabhsú;

13. is mór a d'fhéadfadh forbairt na teicneolaíochta agus, go háirithe, forbairt na hintleachta saorga a dhéanamh chun cineálacha nua gníomhaíochtaí eacnamaíocha, gníomhaíochtaí sibhialta, scileanna, poist agus seirbhísí a chruthú. Is gá beartais, uirlisí agus bearta éifeachtacha oideachais agus oiliúna, a fhorbairt chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí iomchuí ag gach duine d'fhonn a bheith rannpháirteach go hiomlán i sochaí atá á claochlú, agus ag an am céanna feasacht a mhúscailt ar ábhair imní eiticiúla agus ar na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha na teicneolaíochta;

14. is mar gheall ar an gclaochlú teicneolaíochta atá an t-éileamh ar scileanna agus inniúlachtaí ardleibhéil, an inoiriúnaitheacht agus scileanna bainistíochta gairme ag méadú, agus ag an am céanna tá laghdú ag teacht ar an éileamh ar na scileanna ísle is infheidhme i bpoist lena mbaineann gnáthamh agus athdhéanamh. Beidh tionchair éagsúla ann, ó thaobh ama, áite agus scála agus is mó an difear a dhéanfar d'earnálacha áirithe agus do réimsí áirithe thar a chéile. Le soláthar maith foghlama ar feadh an tsaoil agus le treoir ar feadh an tsaoil, féadfar an bhearna idir oibrithe ard-scileanna agus oibrithe íseal-scileanna i margadh an tsaothair a laghdú;

15. san Eoraip, is rímhór an dúshlán atá ag baint le hathsciliú agus uas-sciliú an daonra fhásta. Dá bhrí sin, is tábhachtaí ná riamh infheistíocht a dhéanamh sna bunscileanna agus sna príomhinniúlachtaí. Ach oideachas ardcháilíochta cuimsitheach (foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil chomh maith le foghlaim obairbhunaithe) a bheith ann agus cur chuige forleathan a bheith ann i leith forbairt inniúlachtaí, feabhsaítear na leibhéil ghnóthachtála sna bunscileanna agus tacaítear leis an dul chun cinn i dtreo scileanna agus inniúlachtaí níos airde;

16. dúshlán i gcónaí is ea na neamhionannais maidir leis an bhfoghlaim aosach a rochtain agus a sholáthar toisc go bhfuil rannpháirtíocht i measc daoine fásta i ngníomhaíochtaí foghlama íseal go fóill agus nach mór tacaíocht níos déine a thabhairt, go háirithe do dhaoine fásta ar bheagán oiliúna, chun dul i mbun foghlama[3]. Ba cheart iarracht níos mó a dhéanamh chun daoine atá faoi mhíbhuntáiste go sóisialta a spreagadh chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim fhadtéarmach agus chun cur ar a gcumas dul isteach, dul isteach arís nó fanacht sa mhargadh saothair agus tacú lena bhforbairt ghairme;

17. cruthaítear deiseanna agus dúshláin ar an leibhéal aonair agus ar leibhéal na sochaí araon leis na hathruithe leanúnacha déimeagrafacha; de réir mar a aistríonn sochaithe go dtí struchtúr daonra atá níos sine i gcuid mhaith Ballstát mar gheall ar rátaí breithe ísle agus ionchas saoil níos airde;[4]

18. trí aitheantas níos mó a thabhairt d'acmhainneacht na ndaoine scothaosta agus trí dheiseanna a chur chun cinn dóibh chomh maith le deiseanna chun páirt a ghlacadh sa tsochaí, fiú níos déanaí sa saol, cuirtear le cruthú sochaithe comhtháite. Is fachtóir ríthábhachtach í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil d'aosú folláin na saoránach scothaosta agus dá rannpháirtíocht ghníomhach sa saol sóisialta agus eacnamaíoch;

19. beartais ríthábhachtacha is ea ardcháilíocht, cuimsitheacht agus inrochtaineacht an oideachais agus an chúraim luath-óige chomh maith le hoideachas scoile bunúsach agus gníomhaíochtaí foghlama neamhfhoirmiúla i ndáil le freagairt ar athruithe déimeagrafacha lena n-áiritheofar go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta ag leanaí agus ag daoine óga don todhchaí, lena rachfar i ngleic le riosca na luathfhágála scoile, na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta agus lena n-áiritheofar go mbeidh saol fónta ag daoine;

---

[3] *Education and Training Monitor 2018* [An Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint, 2018]
[4] Eurostat 2019: *Population structure and ageing* [Struchtúr agus aosú an daonra]

20. tá géarghá le comhionannas inscne a chur chun cinn agus le rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint a spreagadh, go háirithe in earnálacha agus i ngairmeacha inar mó líon inscne amháin ná inscne eile. Tá gannionadaíocht ar mhná in earnálacha ETIM san Eoraip, go háirithe san earnáil dhigiteach, agus tá a rannpháirtíocht ag laghdú go leanúnach. Is ábhartha cumhacht a thabhairt do mhná in earnálacha ETIM go háirithe san earnáil dhigiteach chun sochaithe agus geilleagair na hEorpa a fhorbairt[5]. Is cúnamh iad an t-oideachas agus an oiliúint chun dul i ngleic leis an mbearna inscne sa ré dhigiteach;

CUIREANN SÍ I dTREIS AN MÉID A LEANAS:

21. gur gá borradh láidir a chur faoi bheartais agus soláthar um fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun freagairt níos fearr ar na dúshláin a bhaineann le sochaí a bhíonn ag athrú;

22. gur céim ríthábhachtach is ea na hiarrachtaí leanúnacha maidir leis an Moladh ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe i dtreo beartais um fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Mar sin féin, beidh gá le níos mó iarrachtaí agus réimse níos leithne beartas agus ionstraimí chun é sin a chomhlánú agus na deiseanna a leathnú chun gach duine a chuimsiú;

23. an gealltanas i leith forbairt bhreise uaillmhianach a dhéanamh ar Limistéar Eorpach Oideachais chun go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ar domhan san fhoghlaim, agus cur le cultúr a spreagann agus a chumhachtaíonn daoine agus sochaithe agus a mholann dóibh foghlaim agus nuálaíocht a dhéanamh ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna agus ag gach céim den saol;

---

[5] An Coimisiún Eorpach 2018: *Study on women in the digital age* [Staidéar ar mhná sa ré dhigiteach].

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT

24. cuir chuige straitéiseacha a fhorbairt chun borradh a chur faoi bheartais foghlama ar feadh an tsaoil agus aitheantas a thabhairt d'acmhainneacht na foghlama ar feadh an tsaoil mar thaca leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe agus mar fhreagairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas, lena n-áirítear tríd an méid a leanas a dhéanamh:

(a) córais oideachais agus oiliúna a fhorbairt ar bhealach cuimsitheach chun conairí foghlama agus aistrithe leanúnacha rianúla d'fhoghlaimeoirí aonair a chumasú;

(b) cothromas san oideachas a neartú trí bheartais a fhorbairt arb é is aidhm dóibh rochtain do chách ar bhealaí seanbhunaithe a chur chun cinn agus conairí caocha sna córais oideachais agus oiliúna a sheachaint;

(c) freagrúlacht na gcóras oideachais agus oiliúna a mhéadú chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus ar na hathruithe gasta sa mhargadh saothair agus sa tsochaí trí aird faoi leith a thabhairt ar na réimsí a ndéanann an t-athrú teicneolaíochta an difear is mó dóibh agus ar na réimsí is ábhartha don athrú aeráide, chomh maith leis an ngéarghá feabhas a chur ar ár lorg éiceolaíoch agus ar an oideachas maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn mar spreagadh don nuálaíocht, don athléimneacht agus don ghníomhaíocht chlaochlaitheach agus na riachtanais athraitheacha éagsúla maidir le heolas, scileanna agus inniúlacht á gcur san áireamh ag an am céanna;

(d) tacú le haistriú éasca idir leibhéil agus earnálacha éagsúla an oideachais agus na hoiliúna trí chonairí foghlama éagsúla a éascú, treoir a sholáthar, soláthar foghlama éagsúlaithe agus timpeallachtaí foghlama ilúsáideacha a spreagadh agus tacú le modhanna nua foghlama agus teagaisc ar gach leibhéal agus le gach cineál oideachais agus oiliúna agus scileanna agus inniúlachtaí a bhailíochtú gan beann ar an áit ná ar an gcaoi a bhfaightear iad, i gcás inar féidir;

(e) féachaint an bhféadfaí conairí foghlama atá solúbtha, pearsantaithe agus dírithe ar an bhfoghlaimeoir a chruthú agus freastal ar ghrúpaí leochaileacha ar bhonn spriocdhírithe, bunaithe, mar shampla, ar chuir chuige mhodúlaithe agus iad bunaithe ar thorthaí foghlama le gur fusa an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais aonair agus cheirde;

(f) béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go leanfaí leis an bhforbairt inniúlachtaí do mhúinteoirí, oideoirí múinteoirí, ceannairí scoile, oiliúnóirí, treoirchomhairleoirí, oibrithe don óige agus comhairleoirí gairme d'fhonn scileanna agus inniúlachtaí a chur ar fáil chun críoch foghlama leanúnaí, agus rochtain ag gach duine orthu;

(g) malartú agus infhaighteacht sonraí a chur chun cinn, ar sonraí iad atá ábhartha chun foghlaimeoirí a chumhachtú maidir le sonraí a bhaineann lena bhfoghlaim féin a bhainistiú agus a úsáid agus le roghanna eolasacha a dhéanamh i gcaitheamh a saoil, i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

(h) acmhainneacht na hintleachta saorga a fhiosrú chun tacú le hoideachas agus oiliúint ardcháilíochta phearsantaithe agus le forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí. Ba cheart go gcoinneofaí súil ghéar ar an gcuimsiú agus ar an gcothromas leis na hiarrachtaí sin trí úsáid iontaofa na hintleachta saorga a ghiaráil san oideachas agus san oiliúint chun go ndéanfar na dúshláin oideachais a shainaithint agus borradh a chur faoi na próisis foghlama;

(i) leanúint dá n-iarrachtaí chun an Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT AGUS I nDLÚTHCHOMHAR LEIS NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

25. borradh suntasach a chur faoi straitéisí agus beartais ar feadh an tsaoil atá gníomhach, éifeachtach agus dírithe ar an todhchaí ionas go bhféadfar rannpháirtíocht a fheabhsú ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna;

26. éifeachtúlacht, scála agus spriocghrúpaí na mbeartas reatha um fhoghlaim ar feadh an tsaoil a nuashonrú chun freagairt níos fearr ar riachtanais foghlama a bhaineann le hathruithe ar an tsochaí agus ar an saol oibre, lena n-áirítear trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an Limistéar Eorpach Oideachais, trí léiriú a dhéanamh sa chreat straitéiseach maidir le comhar san oideachas agus san oiliúint a bheidh ann amach anseo ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus trí úsáid a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus+, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus le hionstraimí ábhartha eile an Aontais;

27. tacú le tionscnaimh lena n-éascaítear an infheistíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear an comhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí;

28. úsáid éifeachtach chuimsitheach AI a áireamh i measc na réimsí sin lena ndéantar an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh;

29. feabhas a chur ar chomhordú na n-iarrachtaí sin atá ar siúl faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo chun idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú, mar shampla rochtain ar shonraí faoin oideachas pearsanta a áirithiú, feabhas a chur ar mhalartú sonraí oideachais idir foghlaimeoirí, institiúidí foghlama agus fostóirí, agus ag an am céanna forluí a sheachaint ar leibhéal an Aontais, chun go mbeifear in ann leas a bhaint as acmhainn an chlaochlaithe dhigitigh, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

30. tacú le beartais náisiúnta darb aidhm freagrúlacht na gcóras oideachais agus oiliúna a mhéadú le go mbeidh sí ag teacht le riachtanais mhargadh an tsaothair agus na sochaí, a bhíonn ag athrú go tapa, agus scaipeadh agus úsáid sonraí anailíse, taighde agus réamhaisnéise a éascú agus a mhéadú, rianú céimithe, agus faisnéis maidir le scileanna ina measc, chun go bhféadfar tionchar fadtéarmach a imirt ar bheartas;

31. céim mhór chun tosaigh a spreagadh chun foghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt a thuilleadh agus deiseanna níos fearr a iniúchadh i dtaobh an chomhair idir leibhéil oideachais agus oiliúna, agus earnálacha oideachais agus oiliúna, agus na húdaráis is ábhartha (e.g. sóisialta, sláinte agus imirce), agus deiseanna foghlama éagsúla solúbtha a chur chun cinn chun daoine fásta a uas-sciliú agus a athsciliú, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta, le seirbhísí fostaíochta poiblí agus le geallsealbhóirí ábhartha eile;

32. sineirgí breise idir an t-oideachas, an oiliúint, an taighde agus an nuálaíocht a chur chun cinn le go spreagfar an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt, agus ról lárnach ag comhaontas na n-ollscoileanna Eorpacha go mór mór chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn;

33. agus beartais Eorpacha maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil á meas agus á dtabhairt cothrom le dáta go gcuirfear san áireamh an méid seo a leanas, coincheap níos leithne a bheith ann ó thaobh eolas, scileanna agus inniúlachtaí a bhailíochtú, d'fhonn go mbeifear in ann scileanna agus inniúlachtaí a bhailíochtú gan beann ar an gcaoi a bhfoghlaimítear iad nó ar an áit a bhfoghlaimítear iad, chun go mbeidh aistrithe gan locht ann agus chun go spreagfar conairí foghlama aonair, nach dochar d'inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin.

## CÚLRA POLAITIÚIL

1. Rún ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil[6]
2. Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le beartais, córais, agus cleachtais i réimse na treorach i rith an tsaoil a neartú san Eoraip[7]
3. Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le treoir ar feadh an tsaoil a chomhtháthú níos fearr le straitéisí foghlama ar feadh an tsaoil[8]
4. Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Eorpach athnuaite don fhoghlaim aosach[9]
5. Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[10]
6. *2015 Joint Report of the Council and the Commission on the implementation of the strategic framework for European cooperation in education and training (ET 2020) — New priorities for European cooperation in education and training* [Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) — Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint][11]
7. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le clár oibre nua scileanna don Eoraip: Ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an fhostaíocht agus an iomaíochas a neartú[12]
8. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[13]
9. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Idir-inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur Chun Feidhme[14]
10. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bhféiniúlacht Eorpach a neartú trí bhíthin an oideachais agus an chultúir[15]

---

[6] IO C 163, 9.7. 2002, lch. 1.
[7] 9286/04.
[8] IO C 319, 13.12.2008, lch. 4.
[9] IO C 372, 20.12.2011, lch. 1.
[10] IO C 398, 22.12.2012, lch. 1.
[11] IO C 417, 15.12.2015, lch. 25.
[12] COM(2016) 381.
[13] IO L 119, 4.5.2016, lch.1.
[14] COM(2017) 134.

11. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus lena n-aisghairtear an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le Creat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a bhunú[16]
12. Moladh ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le céimithe a rianú[17]
13. *Commission Reflection paper on harnessing globalisation* [Páipéar machnaimh ón gCoimisiún maidir le leas a bhaint as an domhandú] [18]
14. Dearbhú Aireachta Liospóin 2017 maidir leis an gceathrú Comhdháil Aireachta de chuid UNECE i dtaca leis an aosú A *Sustainable Society for All Ages: Realizing the potential of living longer* Realizing the potential of living longer"
15. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hEoraip níos láidre a thógáil: an ról atá ag beartais maidir le daoine óga, oideachas agus cultúr[19]
16. Teachtaireacht maidir leis an bplean gníomhaíochta don oideachas digiteach[20]
17. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass)[21]
18. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[22]
19. Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta[23]; agus conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chun feidhme an mholta[24]
20. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais[25]
21. Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 maidir le hintleacht shaorga don Eoraip[26]
22. Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach (an chéad léamh)[27]

---

[15] COM(2017) 673.
[16] IO C 189, 15.6.2017, lch. 15.
[17] IO C 423, 9.12.2017, lch. 1.
[18] COM(2017) 240.
[19] COM (2018) 268.
[20] COM (2018) 22.
[21] IO L 112, 2.5.2018, lch. 42.
[22] IO C 189, 4.6.2018, lch.1.
[23] IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.
[24] IO C 189, 5.6.2019, lch. 23.
[25] IO C 195, 7.6.2018, lch. 7.
[26] COM (2018) 237.
[27] IO L 303, 28.11.18, lch. 59.

23. Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019, 'I dTreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe, faoi 2030'[28]

24. Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2019 maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: 'Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach'[29]

25. Rún ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais i leith na hÓige 2019-2027[30]

26. Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile[31]

---

28 8286/19.
29 8807/19.
30 IO C 189, 5.6.2019, lch.1.
31 13432/19.